Raidió

RTÉ

Craoladh 17 as na 20 clár ba mhó tóir in Éirinn ar Raidió RTÉ sa bhliain 2006.

Na 10 gclár raidió ba Mhó a raibh lucht éisteachta acu in Éirinn, 2006
Daoine Fásta 15+

Top 10 All-Week National Radio Programmes
Timeblock Reach: RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm and Today FM - January-December 2006

Rank	Programme	Station	Time-block	Period	% Reach	No. of Adults 15+
01	Morning Ireland	RTÉ Radio 1	07.00-09.00	Monday - Friday	13%	442,000
02	Liveline with Joe Duffy	RTÉ Radio 1	09.00-10.00	Monday - Friday	10%	333,000
03	The Tubridy Show	RTÉ Radio 1	09.00-12.00	Monday - Friday	10%	324,000
04	Gerry Ryan	RTÉ 2fm	13.45-14.45	Monday - Friday	9%	316,000
05	News at One	RTÉ Radio 1	13.00-13.45	Monday - Friday	9%	304,000
06	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	10.00-12.00	Saturday	9%	291,000
07	Today with Pat Kenny	RTÉ Radio 1	09.00-10.00	Monday - Friday	8%	268,000
08	Playback	RTÉ Radio 1	10.00-11.00	Saturday	7%	251,000
09	The Saturday Show with William Leahy	RTÉ 2fm	11.00-13.00	Saturday	7%	250,000
10	Conversations with Eamon Dunphy	RTÉ Radio 1	09.00-12.00	Saturday	7%	248,000

Foinse: JNLR /TNSmrbi 2006-04

Raidió RTÉ

RTÉ Radio 1

Tá RTÉ Radio 1 ag craoladh gach lá le breis agus 80 bliain. Is é RTÉ Radio 1an cainéal raidió is mó tábhachta ó thaobh an raon plé a shocrú agus díríonn cláir ar nuacht, ar chúrsaí reatha, ar spórt, ar eolas agus ar dhíospóireacht. Tá gnéchláir mar chuid bhunúsach den sceideal, mar shampla, ceol agus na healaíona. Reáchtálann RTÉ Radio 1 comórtais drámaíochta agus gearrscéalta raidió gach bliain, agus bíonn Léacht Chuimhneacháin Michael Littleton a bhíonn ceannródaíoch i gcónaí ar siúl gach bliain. Dheimhnigh figiúirí JNLR i mí Feabhra 2007 go raibh RTÉ Radio 1 mar cheannródaí i gcraolachán raidió in Éirinn mar ba ar an stáisiún a craoladh 8 gcinn de na cláir ba mhó a raibh lucht éisteachta acu.

RTÉ2fm

Freastalaíonn RTÉ2fm ar lucht éisteachta níos óige agus bíonn seónna ceoil tiomanta, ceol beo, nuacht agus comórtais le cloisteáil air mar aon le craolacháin rialta ón 'roadcaster' a thugann cuairt ar chathracha, ar bhailte agus ar mhórimeachtaí ar fud na tíre. Oibríonn an stáisiún le mic léinn idirbhliana freisin agus faigheann siad léargas ar mar a dhéantar clár agus reáchtálann an stáisiún comórtas bliantúil amhrán chun an tallann nua is fearr sa tír a aimsiú.

RTÉ Lyric fm

Is stáisiún ceoil agus ealaíon é RTÉ lyric fm a fhreastalaíonn ar gach cineál ceoil, idir cheol clasaiceach, snagcheol agus opera mar aon le ceol ón stáitse agus ón scáileán agus ceol domhanda agus traidisiúnta. Eagraítear cláir oideachais agus forrochtana ar an stáisiún chun ceol clasaiceach a chur in aithne do leanaí ar fud na tíre. Tá a lipéad taifeadta ceoil féin ag RTÉ lyric fm mar aon le polasaí leanúnach chun saothar a choimisiúnú ó chumadóirí a rugadh nó atá lonnaithe in Éirinn. Craolann an stáisiún go rialta ó áiteanna éagsúla ar fud na tíre.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Bunaíodh RTÉ Raidió na Gaeltachta i 1972 chun seirbhís náisiúnta raidió Gaeilge a chur ar fáil. Craoltar cláir cúrsaí reatha, nuachta, ceoil, spóirt agus seónna cainte ar Raidió na Gaeltachta. Tá stiúideonna agus foireann ag an stáisiún ar fud na tíre agus tá ceanncheathrú Raidió na Gaeltachta lonnaithe i gCasla, Conamara. Craoltar *ANOCHT fm*, seirbhís de chuid Raidió na Gaeltachta atá dírithe ar éisteoirí óga, seacht lá na seachtaine idir 9pm agus 1am.

Bealaí nua le héisteacht le Raidió RTÉ:

Éist beo: Cuireann RTÉ sruthú beo ar fáil a chiallaíonn gur féidir leat éisteacht beo leis na ceithre stáisiún raidió ar an idirlíon.

Éist ar ais: Ta cláir ar fáil freisin le "héisteacht ar ais" orthu ar RTÉ.ie.

Podchraolad: I 2005, sheol RTÉ roinnt dá chuid clár mar phodchraoltaí. Is cláir iad sin is féidir a íoslódáil agus is féidir éisteacht leo cibé áit agus cibé uair is mian leat. Bíonn níos mó agus níos mó uaireanta chloig de chláir ar fáil d'éisteoirí gach lá le híoslódáil. Bíonn réimse mór seánraí ar phodchraoltaí Raidió RTÉ ó chláir oideachais, nuachta, spóirt agus eolaíochta.

Tá tábhacht ar leith le cláir raidió ar an idirlíon, go háirithe i gcás daoine atá ina gcónaí thar lear agus murach a leithéid sin bheadh sé deacair acu a bheith ar an eolas maidir le himeachtaí sa bhaile.

Raidió Digiteach:

I gcraoladh digiteach a bhraithfidh raidió trastíre amach anseo. Tá RTÉ i mbun trialacha DAB faoi láthair agus creidtear go ndéanfar tuilleadh forbairtí ar DAB gan mhoill. Tá tuilleadh mionsonraí agus nuashonrúcháin maidir le raidió digiteach a fhorbairt ar fáil ó www.rte.ie/radio/dab